AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.12.2025
COM(2025) 746 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## maidir le staid na himeartha i ndáil le cuntasaíocht phoiblí ag an rialtas ginearálta san Aontas, agus an dul chun cinn a rinneadh ó chuir sé measúnú i gcrích in 2013 ar oiriúnacht Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí le haghaidh na mBallstát á chur san áireamh

{SWD(2025) 396 final}

## 1. RÉAMHRÁ

Freagraíonn an tuarascáil seo don cheanglas, a leagtar síos in Airteagal 16(1)(a) de Threoir 2011/85/AE ón gComhairle[1] (an Treoir maidir le Creataí Buiséadacha), arna leasú le Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle[2], go dtuairisceoidh an Coimisiún faoin 31 Nollaig 2025 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin maidir le staid na himeartha i ndáil le cuntasaíocht phoiblí ag an rialtas ginearálta[3] san Aontas, agus an dul chun cinn a rinneadh ó chuir sé measúnú i gcrích in 2013 ar oiriúnacht Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí (IPSAS) le haghaidh na mBallstát á chur san áireamh.

In 2013, mar fhreagairt ar an gceanglas sa chéad Treoir maidir le Creataí Buiséadacha, d'fhoilsigh an Coimisiún measúnú ar oiriúnacht IPSAS do na Ballstáit[4] (tuarascáil IPSAS 2013), inar thángthas ar an gconclúid go raibh géarghá le córais chuntasaíochta na hearnála poiblí chomhchuibhithe agus ar bhonn fabhraithe sna Ballstáit agus go ndéanfadh IPSAS creat tagartha oiriúnach chun Caighdeáin Eorpacha Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí (EPSAS) a fhorbairt. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil freisin gur ghá aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le rialachas agus ábhair choincheapúla agus theicniúla IPSAS agus moladh dul ar aghaidh leis an tionscnamh EPSAS. Mar thoradh air sin, ó bhí 2013 ann, tá an Coimisiún (Eurostat) ag obair ar an tionscnamh sin.

Is é is aidhm don tionscnamh EPSAS cuntasaíocht chomhchuibhithe ar bhonn fabhraithe san earnáil phoiblí a oireann do riachtanais an Aontais a chur ar fáil. Is é an príomhthairbhe a bheadh ann bonn níos daingne a chur ar fáil chun tuiscint a fháil ar staid airgeadais agus ar fheidhmíocht eintitis na hearnála poiblí ar gach leibhéal rialtais. D'fhéadfadh sé sin feabhas a chur ar chinnteoireacht fianaise-bhunaithe agus ar chuntasacht ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal fonáisiúnta. Ina theannta sin, chuirfeadh sé tuilleadh feabhais ar chomhtháthú agus éifeachtúlacht na margaí caipitil agus ar an anailís ar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí. Sholáthródh sé freisin bealaí níos éifeachtúla chun staidreamh a tháirgeadh agus athbhreithnithe agus rioscaí a rialú.

Cuireann tionscnamh EPSAS le bonn na dtairbhí suntasacha a bhaineann le cuntasaíocht chomhchuibhithe ar bhonn fabhraithe agus ag an am céanna aithníonn sé gur dócha go mbainfidh costais mhóra le cuntasaíocht den sórt sin a chur chun feidhme freisin. Aithnítear córais chuntasaíochta airgeadais ar bhonn fabhraithe mar 'chaighdeán óir' maidir le córais chuntasaíochta don earnáil phríobháideach agus don earnáil phoiblí araon. Tagann na tairbhí as an bhfíoras nach soláthraíonn córais chuntasaíochta bunaithe ar airgead tirim agus córais chuntasaíochta mheasctha faisnéis airgeadais iomlán. Ós rud é go ndíríonn córais chuntasaíochta bunaithe ar airgead tirim agus córais chuntasaíochta mheasctha ar ghluaiseachtaí airgid thirim a ghabháil agus a thuairisciú, cailleann siad roinnt gnéithe tábhachtacha atá mar bhonn taca le forbairtí agus cinntí eacnamaíocha, go háirithe faisnéis chuimsitheach maidir le sócmhainní agus dliteanais, speansais fhabhraithe, ioncam agus

[1] Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, lch. 41 ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/oj).

[2] Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

[3] Tagraíonn 'cuntasaíocht phoiblí' sa tuarascáil seo do chuntasaíocht phoiblí a dhéanann earnáil an rialtais ghinearálta.

[4] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa, Towards implementing harmonised public sector accounting standards in Member States [I dtreo caighdeáin chomhchuibhithe chuntasaíochta san earnáil phoiblí a chur chun feidhme sna Ballstáit]. Oiriúnacht IPSAS do na Ballstáit (COM/2013/0114 final).

aithint sócmhainní le linn a saolré úsáide ar fad. Ina theannta sin, is féidir a bheith ag súil le tairbhí móra breise má théann rialtais thar a bhfuil riachtanach chun rialacha cuntasaíochta fabhraithe a chomhlíonadh. Ba é an príomhspreagadh do na Ballstáit a bhfuil athchóirithe cuntasaíochta fabhraithe curtha chun feidhme acu an gá atá le córais faisnéise bainistíochta a fhorbairt lena gcumasaítear cinnteoireacht fhónta fheasach.

Agus aird chuí á tabhairt aige ar thairbhí EPSAS, atá ábhartha freisin do dhoimhniú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta, agus ar na hábhair imní i roinnt Ballstát, in 2015 ghlac an Coimisiún (Eurostat) cur chuige forásach deonach ar dtús chun trédhearcacht fhioscach mhéadaithe a bhaint amach ar dtús sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma agus ansin chun inchomparáideacht a áirithiú sa mheántéarma agus san fhadtéarma:

- Céim 1: Trédhearcacht fhioscach a mhéadú sna Ballstáit sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma trí chuntasaíocht fabhraithe a chur chun cinn agus, ag an am céanna, creat EPSAS a fhorbairt (lena gcumhdaítear rialachas, prionsabail chuntasaíochta agus caighdeáin);
- Céim 2: Aghaidh a thabhairt ar inchomparáideacht laistigh de na Ballstáit agus eatarthu trí EPSAS a chur chun feidhme.

In 2019 agus 2024, d'eisigh an Coimisiún (Eurostat) tuarascálacha EPSAS (doiciméid inmheánacha oibre) ina leagtar amach an dul chun cinn atá déanta[5]. Tá doiciméad inmheánach oibre ina dtugtar tuilleadh sonraí ag gabháil leis an tuarascáil reatha.

## 2. OBAIR AN CHOIMISIÚIN MAIDIR LE CUNTASAÍOCHT PHOIBLÍ A NUACHÓIRIÚ SAN AONTAS

Le 10 mbliana anuas, tá obair ar EPSAS tugtha chun cinn ag an gCoimisiún (Eurostat) i gcomhar le saineolaithe cuntasaíochta poiblí na mBallstát a dhéanann ionadaíocht ar gach leibhéal rialtais, chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara eile de chuid an Aontais agus domhanda. I gCéim 1, áirítear in obair an Choimisiúin ar EPSAS comhar córasach le páirtithe leasmhara, obair theicniúil lena gcuidítear le caighdeáin EPSAS a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a ullmhú, obair ar na breithnithe costais agus tairbhe a bhaineann le cuntasaíocht fabhraithe phoiblí a chur chun feidhme sna Ballstáit agus tacaíocht theicniúil agus airgeadais a sholáthar do chuntasaíocht den sórt sin sna Ballstáit.

I mí Mheán Fómhair 2015, bhunaigh an Coimisiún (Eurostat) an Mheitheal, a athainmníodh ina dhiaidh sin mar an Sainghrúpa um Chaighdeáin Eorpacha Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí[6]. Is é an misean foriomlán atá aige comhairle agus saineolas a chur ar fáil don Choimisiún (Eurostat) maidir le caighdeáin Eorpacha chomhchuibhithe chuntasaíochta na hearnála poiblí agus tuairiscithe airgeadais ilchuspóireacha ar bhonn fabhraithe, do gach leibhéal rialtais.

Rinneadh cumarsáid chórasach maidir le EPSAS le príomhpháirtithe leasmhara amhail lucht ceaptha beartas, rialtais, iniúchóirí, saineolaithe cuntasaíochta agus an saol acadúil. Lasmuigh den Sainghrúpa ar EPSAS, rannchuidigh an Coimisiún (Eurostat) le tionscadail chuntasaíochta poiblí agus le cruinnithe na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), Bhord IPSAS, an Bhainc Dhomhanda agus an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI). Tugadh aird ar leith ar chumarsáid le gach leibhéal rialtais sna Ballstáit, lena n-áirítear ionadaithe stáit agus rialtais áitiúil.

[5] Tuarascáil EPSAS 2019 agus tuarascáil EPSAS 2024.

[6] An Sainghrúpa um Chaighdeáin Eorpacha Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí (E02989), dá ngairtear 'an Sainghrúpa ar EPSAS' anseo feasta. Tugadh 'an Mheitheal um EPSAS' air go dtí earrach 2021.

Maidir leis an obair theicniúil a rannchuidíonn le EPSAS, sainaithníodh saincheist an rialachais do EPSAS amach anseo mar thosaíocht don obair leantach tar éis na comhdhála a tionóladh sa Bhruiséil i mí na Bealtaine 2013 chun plé a dhéanamh ar fhorbairt EPSAS. Bhailigh an Coimisiún (Eurostat) tuairimí raon leathan páirtithe leasmhara i gcomhairliúchán poiblí[7] agus ina dhiaidh sin i bhfoghrúpa tiomnaithe den sainghrúpa. Agus an fhaisnéis a bailíodh á cur san áireamh, leagadh síos príomhphrionsabail rialachais EPSAS, cuspóirí agus úsáideoirí Tuarascálacha Airgeadais Ilchuspóireacha faoi EPSAS[8].

Chun trédhearcacht fhioscach a fheabhsú, mar chéad chéim, trí athchóirithe cuntasaíochta fabhraithe poiblí a spreagadh sna Ballstáit, dhréachtaigh an Coimisiún (Eurostat) treoir maidir le ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe[9] a chur chun feidhme den chéad uair. Níl sé i gceist leis an treoir maidir le cur chun feidhme den chéad uair EPSAS a chur chun feidhme ann féin, ach ina ionad sin tacú le feabhsuithe ar thrédhearcacht fhioscach sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma agus an bealach a réiteach chun EPSAS a chur chun feidhme tráth níos déanaí.

D'ullmhaigh an Coimisiún (Eurostat), in éineacht le hionadaithe na mBallstát, dréachtchreat coincheapúil le haghaidh cuntasaíocht agus tuairisciú airgeadais faoi EPSAS amach anseo[10]. Le dréachtchreat coincheapúil EPSAS soláthraítear tacar coincheap agus sainmhínithe maidir le EPSAS a fhorbairt, a ghlacadh agus a fhoilsiú agus cuirtear treoraíocht ar fáil maidir le hullmhú agus cur i láthair faisnéise cuntasaíochta airgeadais ag eintitis earnála faoi bhonn cuntasaíochta EPSAS. D'fhéadfadh an creat coincheapúil cuidiú freisin le húsáideoirí an fhaisnéis airgeadais a chuireann eintitis earnála poiblí i láthair a léirmhíniú. Le tacar féideartha caighdeán cuntasaíochta agus tuairiscithe airgeadais AE amach anseo, i gcomhar leis an gcreat coincheapúil, sholáthrófaí na coincheapa agus na bearta oibríochtúla is gá arna ndíorthú ó na coincheapa sin chun go soláthródh na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid airgeadais, ar fheidhmíocht airgeadais agus ar shreafaí airgid eintiteas tuairiscithe san earnáil phoiblí faoi bhonn fabhraithe na cuntasaíochta.

Forbraíodh struchtúr féideartha chaighdeáin EPSAS amach anseo. Cumhdaítear leis struchtúr an tacair caighdeán agus an struchtúr laistigh de chaighdeáin aonair amach anseo. Cumhdaítear leis an tacar ocht réimse cuntasaíochta a d'fhéadfaí a roinnt go sealadach ina 13 chaighdeán EPSAS féideartha. Ina theannta sin, simplíodh an struchtúr atá beartaithe laistigh de chaighdeáin aonair EPSAS amach anseo, agus na traidisiúin chuntasaíochta i mBallstáit aonair á gcur san áireamh.

Ó 2019 go 2021, rinneadh scagadh ar chaighdeáin IPSAS[11]. Ba é cuspóir na dtuarascálacha scagtha measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht chaighdeáin aonair IPSAS le dréachtchreat coincheapúil EPSAS agus le prionsabal leas poiblí na hEorpa, chun faisnéis a sholáthar chun caighdeáin EPSAS a shocrú amach anseo. Cuirtear san áireamh san anailís an téacs údarásach IPSAS, mar aon le treoir neamhúdarásach i gcás inarb iomchuí, chun a chinneadh an gcomhlíontar critéir dhréachtchreat EPSAS.

Foinse eile faisnéise chun caighdeáin EPSAS a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a shocrú is ea páipéir saincheisteanna EPSAS ina bhfuil anailísí teicniúla ar thopaicí cuntasaíochta poiblí. Tugann na páipéir saincheisteanna[12] soiléireacht maidir le saincheisteanna casta cuntasaíochta, ag díriú ar dhúshláin theicniúla agus phraiticiúla maidir

[7] Comhairliúchán poiblí – Measúnú ar oiriúnacht Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí do na Ballstáit.
[8] Aonad ar phrionsabail is bonn le rialachas EPSAS – Tuarascáil deiridh chuig an meitheal an 7 Aibreán 2017.
[9] Treoir maidir le cuntasaíocht fabhraithe a chur chun feidhme den chéad uair.
[10] Dréachtchreat coincheapúil EPSAS (arna athbhreithniú i mí Feabhra 2024).
[11] Tuarascálacha scagtha EPSAS ar IPSAS.
[12] Páipéir saincheisteanna EPSAS ina gcumhdaítear topaicí a bhaineann le cuntasaíocht phoiblí.

le cur chun feidhme. Leis an obair sin, cuireadh béim ar leith freisin ar 'sholúbthacht EPSAS', i.e. an fhéidearthacht an t-ualach tuairiscithe agus castacht na gcaighdeán a laghdú d'eintitis phoiblí atá níos lú agus a bhfuil riosca níos lú ag baint leo. Tacaíonn páipéir saincheisteanna EPSAS freisin leis na Ballstáit ina n-athchóirithe cuntasaíochta trí dhea-chleachtais cuntasaíochta poiblí ó Bhallstáit roghnaithe a mheas agus trí chuidiú lena gcomhroinnt ar fud an Aontais.

Tá córais chuntasaíochta an Choimisiúin Eorpaigh féin, cosúil le córais roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, ar bhonn fabhraithe agus arna spreagadh ag IPSAS. De réir na treochta domhanda agus mar thoradh ar an gcomhar idir na Ballstáit a d'éascaigh an Coimisiún (Eurostat) faoi Chéim 1 de thionscadal EPSAS, rinneadh nuachóiriú forleathan deonach ar chórais chuntasaíochta poiblí i roinnt mhaith Ballstát le deich mbliana anuas.

Choimisiúnaigh an Coimisiún (Eurostat) trí staidéar ar bhreithnithe costais agus tairbhe d'athchóiriú cuntasaíochta fabhraithe poiblí. Le dhá staidéar, tugadh cothrom le dáta go rialta na meastacháin ar scóir aibíochta cuntasaíochta na rialtas agus costais cur chun feidhme EPSAS gaolmhara, a foilsíodh ar dtús in 2014 (féach Roinn 3 thíos). Maidir leis na tairbhí a bhaineann le cuntasaíocht fabhraithe phoiblí i gcásanna géarchéime, amhail le linn COVID-19, choimisiúnaigh an Coimisiún (Eurostat) páipéar inar scrúdaíodh an nasc idir cuntasaíocht phoiblí agus an raon leathan beart freagartha tábhachtach a chuir go leor Ballstát i bhfeidhm[13].

Cuidíonn athchóirithe cliste, inbhuanaithe atá freagrach go sóisialta le hathléimneacht gheilleagair agus shochaithe an Aontais a mhéadú. Tá tacaíocht mhór theicniúil agus airgeadais curtha ar fáil ag an gCoimisiún d'athchóirithe cuntasaíochta rialtais na mBallstát. Mar chuid dá thacaíocht theicniúil, d'éascaigh an Coimisiún (Eurostat) comhroinnt dea-chleachtas agus thionscain sé plé maidir le cineálacha nuálacha cur chuige i leith na cuntasaíochta poiblí. Phléigh sé na tairbhí agus na dúshláin a bhaineann le hathchóirithe cuntasaíochta fabhraithe le saineolaithe cuntasaíochta rialtais agus spreag sé comhroinnt taithí agus saineolais idir na Ballstáit. Léirigh na Ballstáit spéis ar leith sa nuálaíocht a bhaineann le córais chuntasaíochta agus le cur chun feidhme caighdeán idirnáisiúnta. Fuair roinnt tionscadal athchóirithe cuntasaíochta poiblí tacaíocht airgeadais ón Aontas faoi dheontais Eurostat, faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (ITT) agus faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA).

Tacaíonn an obair a rinneadh faoi Chéim 1 de thionscadal EPSAS le hiarrachtaí an Choimisiúin acmhainneachtaí riaracháin a neartú sna Ballstáit ar mhaithe le tionchar níos mó. In ainneoin raon leathan socruithe institiúideacha agus traidisiún dlí, roinneann riaracháin phoiblí na mBallstát tacar luachanna agus cúraimí agus comhthuiscint ar dhea-riarachán, rud a fhágann gur ann do Spás Riaracháin Eorpach. Tríd an ComPAct[14], tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún an Spás Riaracháin Eorpach a fheabhsú trí na prionsabail sin a chur chun cinn agus trína thacaíocht do nuachóiriú riaracháin na mBallstát a mhéadú. Cuireadh tacar coiteann prionsabal uileghabhálach maidir le cáilíocht an riaracháin phoiblí ar bun lena n-áirítear 'airgeadas poiblí fónta agus inbhuanaithe, a bhfuil córais chuntasaíochta poiblí ar bhonn fabhraithe chomhtháite agus chuimsitheacha mar bhonn taca leis'.

[13] Cuntasaíocht rialtais, EPSAS agus tacú leis an bhfreagairt ar COVID-19.

[14] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An Spás Riaracháin Eorpach (ComPAct) a fheabhsú, COM(2023) 667 final an 25.10.2023.

## 3. AN MÉID ATÁ BAINTE AMACH AG NA BALLSTÁIT AGUS NA PLEANANNA ATÁ ACU MAIDIR LENA GCUNTASAÍOCHT PHOIBLÍ A FHORBAIRT

In 2025, tá cuntasaíocht fabhraithe curtha chun feidhme cheana féin ag formhór na mBallstát i gcomhréir le caighdeáin náisiúnta ar fud earnáil an rialtais ghinearálta nó tá siad i mbun an phróisis chéanna. In éagmais EPSAS, bhain na tíortha athchóirithe uile úsáid as IPSAS nó tá sé beartaithe acu é a úsáid mar bhonn chun a gcaighdeáin féin a fhorbairt. Léirítear i dTábla 1 na Ballstáit i dtrí ghrúpa i gcomhréir le haibíocht chuntasaíochta. Meastar go bhfuil cuntasaíocht fabhraithe i bhfeidhm ag tíortha a bhfuil aibíocht chuntasaíochta (scór dul chun cinn cuntasaíochta fabhraithe i ndáil le IPSAS) 70 % nó níos mó acu[15].

[15] Go sonrach, meastar go bhfuil córais chuntasaíochta airgeadais ar fhabhrú atá comhtháite, cuimsitheach agus comhchuibhithe go náisiúnta i bhfeidhm ag tíortha a bhfuil aibíocht chuntasaíochta 70 % nó níos mó acu.

***Tábla 1. Aibíocht chuntasaíochta (AC) d'earnáil an rialtais ghinearálta in 2025***

| Ard: AC ≥ 70 % | Meán: 70 % > AC ≥ 40 % | Íseal: AC < 40 % |
|---|---|---|
| An Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Spáinn, an Fhrainc, an Laitvia, an Liotuáin, an Ostair, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn | An Chróit, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóivéin | An Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Chipir agus Málta |

Foinse: Staidéar PwC 2025[16]

Mar sin féin, bhí difríocht mhór idir aibíochtaí cuntasaíochta i bhfo-earnálacha an rialtais ghinearálta i roinnt mhaith tíortha. Go háirithe, thug rialtais áitiúla cuntas níos minice ar bhonn fabhraithe, ach bhí cistí slándála sóisialta ag brath níos mó ar chuntasaíocht bunaithe ar airgead tirim. In 2025 is iad seo a leanas meánscóir aibíochta an Aontais le haghaidh fo-earnálacha:

- rialtas láir: 66 %
- rialtas stáit: 68 %
- rialtas áitiúil: 73 %
- cistí slándála sóisialta: 59 %.

Is cosúil gur foinse choiteann inspioráide é IPSAS i gcaighdeáin chuntasaíochta intíre do níos mó ná trí cheathrú (21 as 27) de na Ballstáit ar leibhéal an rialtais láir. Úsáideann níos mó ná leath (14) de na Ballstáit IPSAS mar phríomhbhonn chun a gcaighdeáin chuntasaíochta rialtais féin a fhorbairt. Maidir le comhchuibhiú beartas cuntasaíochta sna Ballstáit, cuireann níos mó ná leath (14) de na Ballstáit prionsabail chuntasaíochta atá comhchosúil tríd is tríd i bhfeidhm maidir le fo-earnálacha uile an rialtais ghinearálta.

Mar gheall ar na tairbhí ionchasacha a bhaineann le cuntasaíocht fabhraithe phoiblí agus an treo agus an tacaíocht a sholáthraítear faoi thionscnamh EPSAS, tá méadú mór tagtha ar úsáid cuntasaíochta den sórt sin ó thuarascáil IPSAS 2013. Tá meánaibíochtaí cuntasaíochta an Aontais d'fho-earnáil an rialtais láir méadaithe ó 57 % go 66 % ó rinneadh an tuarascáil sin. Tá treocht chomhchosúil tugtha faoi deara i bhfo-earnálacha eile an rialtais ghinearálta. Ar leibhéal na fo-earnála, chonacthas na feabhsuithe is mó (faoi níos mó ná 20 pointe céatadáin) sa Ghréig (ar an leibhéal áitiúil), sa Spáinn (ar leibhéal an stáit), sa Chróit (ar an leibhéal lárnach agus áitiúil), sa Chipir (ar an leibhéal lárnach), sa Laitvia (ar an leibhéal áitiúil agus sa tslándáil shóisialta), i Lucsamburg (slándáil shóisialta), agus san Ostair (ar leibhéal an stáit agus áitiúil).

Aithníonn na Ballstáit atá ag tabhairt faoi athchóirithe na tairbhí a bhaineann le cuntasaíocht fabhraithe phoiblí. Idir 2014 agus 2018, chómhaoinigh Eurostat 13 thionscadal a réitigh an bealach d'iarrachtaí nuachóirithe fabhraithe san earnáil phoiblí nó a rannchuidigh go díreach leo in ocht mBallstát[17]. Le tacaíocht do bhreis agus 18 n-athchóiriú ar fud naoi mBallstát, thacaigh an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (ITT)[18], agus leanann sí de bheith ag tacú, le riaracháin na mBallstát chun acmhainneacht a mhéadú, réitigh theicniúla a chur chun feidhme agus caighdeáin chuntasaíochta náisiúnta a chomhlíonann IPSAS a shocrú chun úsáid na

[16] Aibíochtaí cuntasaíochta nuashonraithe rialtais an Aontais agus costas cur chun feidhme EPSAS, féach tábla 3 ar leathanach 12. Déantar na figiúirí d'earnáil an rialtais ghinearálta a ríomh mar mheáin ualaithe fhigiúirí na bhfo-earnálacha.

[17] An Ghearmáin (Hesse), an Spáinn (Cantabria), an Iodáil, an Chipir, an Ungáir, Málta, an Ostair (Burgenland, Salzburg agus an Ostair Uachtarach) agus an Phortaingéil.

[18] Ar dtús, an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach (CTAS), agus ina dhiaidh sin an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (ITT) ó 2021.

cuntasaíochta fabhraithe a thabhairt isteach agus a leathnú. Le tacaíocht ón ITT, éascaíodh níos mó ná 10 gcuairt staidéir ar Bhallstáit eile freisin. Tugadh tacaíocht d'Éire, don Ghréig, don Chróit, don Iodáil, don Chipir, do Lucsamburg, do Mhálta, don Pholainn agus don Phortaingéil. Sa Ghréig, san Iodáil agus sa Phortaingéil, tá na hathchóirithe ailínithe leis na gealltanais a tugadh ina bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoin STA. Trí thairbhe a bhaint as ITT freisin, tá Éire tar éis tabhairt faoi athchóiriú cuntasaíochta poiblí a dhíríonn ar an rialtas láir, agus tá a hathchóiriú curtha i gcrích ag an Ostair trí chuntasaíocht fabhraithe a chur chun feidhme ar leibhéal an stáit agus ar leibhéal an rialtais áitiúil. Tá beachtú breise déanta ag roinnt tíortha a bhfuil aibíocht chuntasaíochta ard acu cheana féin, amhail an Liotuáin, ar ailíniú a gcuntasaíochta poiblí le IPSAS.

Níl sé beartaithe ag an nGearmáin ná ag an Ísiltír faoi láthair bogadh i dtreo fabhruithe ar fud a bhfo-earnálacha rialtais ghinearálta. Sa Ghearmáin, cé nach bhfuil aon tiomantas náisiúnta ann d'athchóiriú leathan poiblí ar bhonn fabhraithe, tá feabhsuithe aonair ar an gcóras cuntasaíochta á ndéanamh ar an leibhéal feidearálach (e.g. digitiú na bpróiseas cuntasaíochta agus cur i gcrích cláir sócmhainní). Tá ardchórais chuntasaíochta poiblí ar bhonn fabhraithe i bhfeidhm ag dhá stát chónaidhme na Gearmáine, Hessen agus Hamburg. Ina theannta sin, in 2025, tá cuntasaíocht ar bhonn fabhraithe éigeantach do rialtais áitiúla in 11 de 13 stát limistéir na Gearmáine (seachas an Bheirlín, Bremen agus Hamburg toisc nach bhfuil leibhéal bardasach ag na stáit sin). Tá éagsúlacht freisin i gcur chun feidhme na cuntasaíochta fabhraithe san Ísiltír, a leanann ar aghaidh leis an gcuntasaíocht bunaithe ar airgead tirim don chuid is mó dá heintitis rialtais láir, cé go n-úsáideann a cistí slándála sóisialta agus formhór na rialtas áitiúil cuntasaíocht fabhraithe.

Is próiseas fada é cuntasaíocht fabhraithe a thabhairt isteach, lena n-éilítear cur chuige cuimsitheach, fothú fairsing acmhainneachta agus forbairt eolais ar fud an riaracháin phoiblí. In Éirinn, sa Ghréig, san Iodáil agus i Lucsamburg, d'éirigh le tacaíocht ilbhliantúil leantach ITT aschuir inláimhsithe a sholáthar a rannchuidigh leis na hathchóirithe cuntasaíochta sna Ballstáit sin. Is léir ón taithí a fuarthas go mbraitheann an dul chun cinn go mór freisin ar thiomantas agus ar infhaighteacht na n-eintiteas poiblí rannpháirteach. Léiríonn dea-chleachtais ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh go dtógann cur chun feidhme iomlán roinnt blianta, rud a chiallaíonn nach bhfuil na tairbhí le feiceáil láithreach.

Trí ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe atá trédhearcach inchomparáide a chur ar fáil, léireoidh rialtais tionchar fadtéarmach a gcinntí agus is féidir iad a thabhairt chun cuntais as dea-úsáid cistí poiblí do na saoránaigh a thoghann iad go daonlathach agus do pháirtithe leasmhara eile, amhail soláthraithe cistí. Is deacair na tairbhí a fhaightear ó na hathchóirithe cuntasaíochta sna Ballstáit a chainníochtú toisc go ndéanann siad difear do réimsí éagsúla, ach is féidir coinne a bheith le tairbhí móra breise má théann rialtais thar a bhfuil riachtanach chun na rialacha cuntasaíochta a chomhlíonadh. Tar éis do na Ballstáit athchóirithe cuntasaíochta fabhraithe a chur chun feidhme, thuairiscigh siad gurbh é an príomhspreagadh don athchóiriú an gá atá le córais faisnéise bainistíochta a fhorbairt lena gcumasaítear cinnteoireacht fhónta fheasach. Is réamhchoinníoll riachtanach chuige sin é cleachtais chuntasaíochta fabhraithe cuimsitheacha ardcháilíochta a chur chun feidhme. Is féidir sonraí cuntasaíochta fabhraithe láidre a úsáid chun cleachtais bhainistíochta bunaithe ar thorthaí, cuntasaíocht chostála, cláir bhainistíochta sócmhainní agus eochairtháscairí feidhmíochta eile a fhorbairt lena bhféadfar measúnú a dhéanamh ar chostais na mbeartas agus na gclár agus meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí de réir cuspóirí beartais.

Tá an t-aiseolas a fuarthas ó rialtais maidir leis na tairbhí a eascraíonn as na hathchóirithe airgeadais níos leithne sin an-dearfach. I roinnt cásanna, thapaigh rialtais a rinne tionscadal nuachóirithe cuntasaíochta an deis infheistíocht a dhéanamh freisin i gcórais nua-aimseartha

TF/PAF[19] agus a bpróisis inmheánacha a chuíchóiriú, rud a d'fhág go raibh tionchar dearfach ar éifeachtúlacht a n-oibríochtaí – agus dá bhrí sin ar an gcostas leanúnach.

Tá aitheantas méadaitheach (ach ní aitheantas uilíoch go fóill) ag teacht ar an ngá atá le cuntasaíocht fabhraithe don rialtas laistigh den Aontas agus dá Bhallstáit, cé nach bhfuil aon chur chuige comhchuibhithe ann faoi láthair. Tá athchóirithe cuntasaíochta fabhraithe (a chuirtear chun feidhme go minic mar chuid d'athchóiriú airgeadais níos leithne) ar siúl in Éirinn, sa Ghréig, sa Chróit, san Iodáil, sa Chipir, i Lucsamburg, sa Pholainn, sa Phortaingéil agus in dhá stát chónaidhme sa Ghearmáin freisin, ach tá an próiseas tuairiscithe airgeadais i bhformhór na mBallstát á fheabhsú go leanúnach. Leanann tíortha de bheith ag lorg éifeachtúlacht agus uathoibriú níos fearr sa phróiseas tuairiscithe airgeadais agus faisnéis níos fearr mar ionchur do chinnteoireacht agus ailíniú níos fearr le forbairt IPSAS. De réir phleananna na mBallstát, meastar go dtiocfaidh tuilleadh feabhais ar mheánaibíocht chuntasaíochta an Aontais d'fho-earnáil an rialtais láir ó 66 % in 2025 go 78 % in 2030. Tá coinne leis an athrú is mó sa Ghréig (+ 67 bpointe céatadáin), i Málta (+ 60 pointe céatadáin), san Iodáil (+ 50 pointe céatadáin), sa Chipir (+ 48 bpointe céatadáin) agus i Lucsamburg (+ 45 phointe céatadáin), rud a léiríonn na hathchóirithe cuntasaíochta atá ar bun faoi láthair.

***Tábla 2. Aibíocht chuntasaíocht atá beartaithe d'earnáil an rialtais ghinearálta in 2030***

| Ard: AC ≥ 70 % | Meán: 70 % > AC ≥ 40 % | Íseal: AC < 40 % |
|---|---|---|
| An Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Ostair, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an Fhionlainn agus an tSualainn | An Chróit, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóivéin | An Ghearmáin |

Foinse: Staidéar PwC 2025

Tá forbairtí an Aontais le blianta beaga anuas i gcomhréir leis an treocht dhomhanda. Dhearbhaigh níos mó ná leath (95 as 169) de na dlínsí a áirítear in Innéacs Idirnáisiúnta IFAC, CIPFA, IPSASB um Chuntasacht Airgeadais na hEarnála Poiblí: Tuarascáil Stádais 2025[20] go mbeidh a gcuntasaíocht phoiblí ar bhonn fabhraithe faoi 2030. Bhí an sciar coibhéiseach in Innéacs 2024 thart ar aon trian (53 as 169).

## 4. OIRIÚNACHT IPSAS DO NA BALLSTÁIT AGUS AN ÚSÁID A D'FHÉADFAÍ A BHAINT ASTU LE HAGHAIDH EPSAS

Déantar measúnú sa chaibidil seo ar oiriúnacht IPSAS mar chreat cuntasaíochta poiblí coiteann san Aontas[21] agus ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint astu chun EPSAS a fhorbairt.

Bhí tuarascáil 2013 IPSAS bunaithe ar chomhairliúchán poiblí leathan. D'aontaigh 38.2 % dá fhreagróirí go mbeadh IPSAS oiriúnach mar chaighdeán cuntasaíochta don Aontas Eorpach,

[19] Pleanáil acmhainní fiontraíochta.

[20] Innéacs Idirnáisiúnta um Chuntasacht Airgeadais na hEarnála Poiblí, tuarascáil stádais 2025, IFAC (Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCuntasóirí), CIPFA (an Institiúid Cairte um Airgeadas Poiblí agus Cuntasacht) agus IPSASB (an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí), Meán Fómhair 2025.

[21] Tá an ghné sin á cur i dtábhacht sin toisc go bhféadfadh forluí a bheith ann idir braistintí na mBallstát aonair maidir le hoiriúnacht IPSAS dóibh go náisiúnta agus oiriúnacht IPSAS dá mbeidís mar bhonn do chur chuige comhchuibhithe EPSAS.

d'aontaigh 30.9 % go páirteach, agus d'easaontaigh 27.9 %[22]. Thángthas ar an gconclúid i dtuarascáil IPSAS 2013, cé go ndéanfadh IPSAS creat tagartha oiriúnach chun EPSAS a fhorbairt, go raibh ábhair imní ann faoina rialachas agus faoina ghnéithe coincheapúla agus teicniúla. I measc na n-ábhar imní bhí teorainneacha praiticiúla ar chomhchuibhiú, iomláine na gcaighdeán, cobhsaíocht an chreata cuntasaíochta agus neamhdhóthanacht na n-acmhainní le haghaidh an chreata rialachais.

Thar an tréimhse 12 bhliain ó thuarascáil IPSAS 2013, cuireadh struchtúr rialachais nua IPSAS i bhfeidhm, lena n-áirítear formhaoirseacht neamhspleách neartaithe. In 2015, bunaíodh an Coiste um Leas an Phobail chun dearbhú a thabhairt go bhfuil gníomhaíochtaí bunaithe caighdeán Bhord IPSAS bunaithe ar leas an phobail. Ina theannta sin, cuireann an Grúpa Comhairleach, a bunaíodh in 2016, fóram ar fáil do Bhord IPSAS chun dul i gcomhairle le hionadaithe ó eagraíochtaí san earnáil phoiblí, nó le daoine aonair, a bhfuil suim acu ina chuid oibre nó a ndéanann an obair sin difear dóibh, agus comhairle a fháil uathu. Ó cuireadh ar bun iad, tá an Coiste um Leas an Phobail agus an Grúpa Comhairleach ina gcuid dhílis de phróisis rialachais agus formhaoirseachta Bhord IPSAS agus dá ghníomhaíochtaí bunaithe caighdeán. Faoi láthair tá beirt de 18 gcomhalta Bhord IPSAS ó Bhallstáit an Aontais, agus tá Eurostat agus AS BUDG rannpháirteach mar bhreathnóirí. Is comhalta den Ghrúpa Comhairleach é Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin.

Le linn na tréimhse 12 bhliain sin, rinneadh athruithe móra ar chaighdeáin IPSAS. Tá na caighdeáin níos cuimsithí anois, agus méadú tagtha orthu ó 31 chaighdeán éifeachtacha in 2013 go 40 caighdeán in 2025, agus tháinig méadú ar chion na gcaighdeán a bhaineann go sonrach leis an earnáil phoiblí ó 19 % in 2013 go 30 % in 2025. I measc na gcaighdeán a dhéileálann le saincheisteanna sonracha san earnáil phoiblí, tá IPSAS 42, *Sochair Shóisialta*; IPSAS 47, *Ioncam*; agus IPSAS 48, *Speansais Aistrithe*; mar aon le IPSAS 19 freisin, *Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha*. Cumhdaíonn IPSAS anois na príomh-shaincheisteanna uile ba cheart a léiriú i ráitis airgeadais eintiteas poiblí agus measann páirtithe leasmhara go bhfuil siad 'cobhsaí agus iomlán'.

Cleachtadh eile is ea scagadh a dhéanamh ar chaighdeáin IPSAS (féach Caibidil 2) lena léirítear oiriúnacht IPSAS don Aontas. Ar an iomlán, fuarthas amach go bhfuil na caighdeáin uile IPSAS a ndearnadh scagadh orthu i gcomhréir le dréachtchreat coincheapúil EPSAS agus le prionsabal leas poiblí na hEorpa. Cuireadh béim ar an ngá atá le treoir bhreise i roinnt réimsí cuntasaíochta. Ina theannta sin, rinneadh suirbhé ar chur i bhfeidhm IPSAS i measc na mBallstát in 2024. Cuirtear i dtábhacht sa staidéar, cé go bhfuil caighdeáin sách cuimsitheach i roinnt réimsí cuntasaíochta, go bhfuil bearnaí fós ann.

In 2024 rinne Eurostat suirbhé ar oiriúnacht IPSAS do na Ballstáit agus ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint astu chun EPSAS a fhorbairt i measc chomhaltaí Ghrúpa Saineolaithe EPSAS. Tugadh aghaidh sna trí cheist ar oiriúnacht IPSAS mar chreat tuairiscithe, ar rialachas an chreata sin do na Ballstáit agus ar oiriúnacht IPSAS mar chreat tagartha chun EPSAS a fhorbairt. Cé go bhfuil roinnt ábhar imní fós ann a liostaítear i dtuarascáil IPSAS 2013, tá laghdú tagtha orthu le himeacht ama, agus léiríonn tuairimí na bhfreagróirí go bhfuil feabhas nach beag tagtha ar oiriúnacht IPSAS mar chreat tuairiscithe do na Ballstáit agus ar rialachas an chreata sin idir an dá linn. Chuir formhór mór na mBallstát i dtábhacht oiriúnacht chaighdeáin IPSAS agus a samhail rialachais. Cuireadh i dtábhacht an gá atá ann samhail bainistíochta fioscaí a dhearadh lena gcomhtháthófar tuairisciú agus modheolaíocht na Gníomhaireachta Eorpaí Spáis agus na hionstraimí fioscacha gaolmhara le tuairisciú

[22] Comhairliúchán poiblí – Measúnú ar oiriúnacht Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí do na Ballstáit.

IPSAS/EPSAS. I measc na n-ábhar mór imní eile a ardaíodh bhí costas agus castacht an chur chun feidhme agus an gá atá le treoir mhionsonraithe agus tuairisciú difreálach.

***Tábla 3. Oiriúnacht IPSAS do na Ballstáit agus an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint astu chun EPSAS a fhorbairt***

| | Is ea | Go páirteach | Ní hea |
|---|---|---|---|
| Is creat tuairiscithe oiriúnach do na Ballstáit é IPSAS | 46 % | 42 % | 12 % |
| Fágann rialachas IPSAS go bhfuil sé oiriúnach do na Ballstáit | 27 % | 58 % | 15 % |
| Is creat tagartha oiriúnach é IPSAS chun EPSAS a fhorbairt | 66 % | 19 % | 15 % |

Foinse: Suirbhé 2024 ar oiriúnacht IPSAS

Chreid na Ballstáit go gcuirfidh IPSAS, mar chreat tagartha, feabhas ar chaighdeánú agus ar inchomparáideacht an tuairiscithe airgeadais phoiblí san Aontas. Bhí ábhar imní ann, áfach, maidir le hoiriúnacht na rogha luach cóir a úsáid mar bhonn tomhais san earnáil phoiblí in imthosca áirithe.

D'aithin na Ballstáit, cé go bhfuil saineolas láidir ón earnáil phoiblí leabaithe i gcóras rialachais IPSAS agus go bhfuil próiseas cuí críochnúil, neamhspleách agus trédhearcach i bhfeidhm, go raibh fonn ann go mbeadh rannpháirtíocht níos mó ag an Eoraip i gcóras rialachais IPSAS. Bhí ábhar imní ann freisin, ó thaobh na dlisteanachta daonlathaí de, an bhféadfadh bord a dtacaíonn comhlacht príobháideach leis a bheith ina bhunaitheoir caighdeán don Aontas.

Mheas na Ballstáit go bhféadfaí EPSAS a chur chun feidhme ar bhealach costéifeachtach dá n-úsáidfí IPSAS mar chreat tagartha chun EPSAS a fhorbairt.

Bhí dhá thuairim éagsúla ag na Ballstáit maidir le hoiriúnacht IPSAS chun críocha EPSAS. Dearcadh amháin ab ea go mbeadh IPSAS oiriúnach agus gur leor sásra formhuinithe – amhail an ceann atá i bhfeidhm do chaighdeáin chuntasaíochta na hearnála príobháidí san Aontas. Dhírigh an dearcadh eile ar phróiseas bunaithe caighdeán EPSAS ar leith, cé go bhfuil sé bunaithe ar IPSAS, agus béim á leagan ar an ngá atá le hacmhainneacht theicniúil láidir. Leag na Ballstáit béim freisin ar an ngá atá le tacaíocht pholaitiúil agus thug siad dá n-aire go mbeadh gá le hathruithe reachtacha ar leibhéal na mBallstát.

## 5. AN BEALACH CHUN CINN DON CHUNTASAÍOCHT PHOIBLÍ SAN AONTAS

I bhfianaise a thábhachtaí atá córais chuntasaíochta poiblí láidre thrédhearcacha agus spéis leanúnach na mBallstát rannchuidiú le plé ar leibhéal an Aontais maidir le cuntasaíocht phoiblí, tá éileamh mór ann comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí chun córais chuntasaíochta poiblí náisiúnta a nuachóiriú ar bhonn caighdeáin náisiúnta ar bhonn fabhraithe.

Leis an úsáid mhéadaithe a bhaintear as cuntasaíocht phoiblí ar bhonn fabhraithe san Aontas le linn Chéim 1 de thionscadal EPSAS, cruthaíodh móiminteam nach beag don athchóiriú agus léiríodh an luach a bhaineann le forbairtí cuntasaíochta poiblí a phlé agus dea-chleachtais a chomhroinnt. Téann sé sin chun tairbhe do na Ballstáit a úsáideann cineálacha cur chuige ar bhonn fabhraithe cheana féin agus dóibh siúd atá ag obair ar athchóirithe cuntasaíochta, toisc go mbaineann siad tairbhe as taithí roimhe seo. San am céanna, spreagann sé cóineasú deonach na gcineálacha cur chuige ar fud an Aontais.

Tá cuntasaíocht fabhraithe curtha chun feidhme cheana féin ag formhór (14) na mBallstát i gcomhréir le caighdeáin náisiúnta ar fud earnáil an rialtais ghinearálta. Meastar go ndéanfaidh

cúig cinn amhlaidh faoi 2030. Níl sé beartaithe ag ocht mBallstát cuntasaíocht fabhraithe a chur chun feidhme ar fud earnáil a rialtais ghinearálta faoi 2030, agus ní aithníonn dhá cheann acu na tairbhí a bhaineann leis sin. Leis an obair a rinneadh faoin Sainghrúpa ar EPSAS agus leis an athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, léiríodh easpa comhthola i measc na mBallstát maidir le cuntasaíocht phoiblí chomhchuibhithe ar bhonn fabhraithe a dhéanamh éigeantach san Aontas.

Cé go bhfuil roinnt ábhar imní a leagtar amach i dtuarascáil IPSAS 2013 fós ann, tá laghdú tagtha orthu le himeacht ama. Tá feabhas mór tagtha ar oiriúnacht IPSAS mar chreat tuairiscithe do na Ballstáit agus ar rialachas an chreata sin ó rinneadh an tuarascáil. Is iad costas agus castacht an chur chun feidhme agus an gá atá le treoraíocht mhionsonraithe na príomhábhair imní eile maidir le IPSAS a chuir roinnt Ballstát in iúl.

I bhfianaise an dul chun cinn atá déanta, leanfar le tionscnamh EPSAS i gCéim 1, ag díriú ar iarrachtaí nuachóirithe náisiúnta a spreagadh agus ar thacú leo chun trédhearcacht a mhéadú in earnáil an rialtais ghinearálta. Beidh na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, i gceist leis na gníomhaíochtaí sin:

1) Cuirfidh an Coimisiún tacaíocht theicniúil ar fáil d'iarrachtaí nuachóirithe na mBallstát, trí dhúshláin cur chun feidhme a shainaithint agus réitigh choiteanna a fhorbairt, trí dhea-chleachtais a chur chun cinn agus trí thaithí maidir le cuntasaíocht phoiblí a chomhroinnt idir na Ballstáit.
2) Beidh athchóirithe cuntasaíochta fabhraithe poiblí fós incháilithe do thacaíocht faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil go dtí 2027. Déanfar cinneadh maidir le tacaíocht airgeadais agus theicniúil ón Aontas amach anseo faoin gcéad bhuiséad eile de chuid an Aontais[23].
3) Beidh cumarsáid chórasach le príomhpháirtithe leasmhara amhail lucht ceaptha beartas, rialtais, iniúchóirí, saineolaithe cuntasaíochta agus an saol acadúil. Leanfar den chomhar le Bord IPSAS agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile amhail ECFE, an Banc Domhanda agus CAI.
4) Spreagfar cóineasú cineálacha cur chuige i mBallstáit an Aontais trí dhréachtchreat coincheapúil EPSAS a leanúint ar bhonn deonach.
5) Déanfar an chéad tuarascáil eile maidir le cuntasaíocht phoiblí san Aontas a tharraingt suas in 2029-2030, mar a cheanglaítear leis an Treoir leasaithe maidir le Creataí Buiséadacha.

Tá na cuspóirí sin comhoiriúnach le beartais an Choimisiúin, go háirithe maidir leis an Spás Riaracháin Eorpach (ComPAct) agus cuspóirí na Treorach maidir le Creataí Buiséadacha a fheabhsú.

[23] https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/eu-budget/long-term-eu-budget/eu-budget-2028-2034_en.